# Vóta 35 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, tá ceanglas orm gach bliain Cuntas Leithreasa a ullmhú don Vóta agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina pháirt den Chuntas seo.

**Aistriú na bhfeidhmeanna**

Ullmhaíodh an Cuntas seo faoi réir Mheastachán Athbhreithnithe na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta 2011. Áiríonn Meastachán Athbhreithnithe 2011 na haistrithe feidhmeanna seo a leanas:

■ Aistríodh feidhmeanna Gaeilge, Gaeltachta agus Oileán go ginearálta chuig an Roinn le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 164 de 2011) agus, i ndáil le cúrsaí pleanála sa Ghaeltacht, ar an 1 Meitheamh 2011 (I.R. Uimh. 216 de 2011). Tá caiteachas roimh an 1 Bealtaine 2011 san áireamh in iar-Vóta 27 (Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta) agus tá caiteachas tar éis an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo. I gcás fheidhm phleanála na Gaeltachta arna aistriú ar an 1 Meitheamh 2011, ní raibh aon chaiteachas sa tréimhse ón 1 Bealtaine 2011 go dtí an 1 Meitheamh 2011.

■ Aistríodh feidhmeanna Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann chuig an Roinn le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 195 de 2011). Tá caiteachas roimh an 1 Bealtaine 2011 san áireamh in iar-Vóta 27 (Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta) agus tá caiteachas tar éis an 1 Bealtaine 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo.

■ Aistríodh feidhmeanna Turasóireachta agus Spóirt go ginearálta, leithéidí Campas Spóirt Éireann agus an Chomhairle Spóirt, chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 32) le feidhm ó 1 Aibreán 2011 (I.R. uimh. 140 ó 2011) agus, maidir le gach feidhm eile Turasóireachta agus Spóirt, aistríodh leithéidí cláir an Chaipitil Spóirt agus na Linnte Snámha agus Turasóireacht Éireann, ar 1 Meitheamh 2011 (I.R. uimh. 2017 ó 2011). Tá gach cineál caiteachais Turasóireachta agus Spóirt ó 1 Eanáir 2011 san áireamh i Vóta 32.

■ Aistríodh feidhmeanna oidhreachta chuig an Roinn ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar a bhí (Vóta 25) le héifeacht ón 1 Bealtaine 2011 (I.R. Uimh. 192 de 2011). Tá an caiteachas Oidhreachta uile ón 1 Eanáir 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo.

■ Tá an caiteachas ealaíon uile ón 1 Eanáir 2011 san áireamh i Vóta na Roinne seo.

Baineann na figiúirí comparáideacha do 2010 atá le fáil sa chuntas leis an iar-Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (Vóta 35)

**Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta**

Tá na polasaithe agus na prionsbabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh Cuntais Leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an Chuntais, cé is móite den méid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

De réir bheartas na hiar-Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ní dhearnadh réadmhaoin stairiúil áirithe, leithéidí páirceanna agus sócmhainní oidhreachta ar nós déantúsán agus lámhscríbhinní a luacháil.

**Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh**

Chomh maith leis an gCuntas, tá ráiteas curtha isteach san fhormáid chaighdeánach ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh atá i bhfeidhm sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

**Seosamh Ó hÁghmall**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
30 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Rinne mé iniúchadh ar Chuntas Leithghabhála an Vóta 35: Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht le haghaidh 2011 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráitis faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús thuairim an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Fuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo i mo thuairim chun críche m'iniúchta. Is í an tuairim atá agam gur choinnigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta leabhair chuntais chuí. Tá an Cuntas Leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Is í an tuairim atá agam go gcuireann an Cuntas Leithghabhála fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 i láthair i gceart.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
6 Méan Fomhair 2012

# Vóta 35 Na hEalaíona, Oidhreacht agus an Ghaeltacht
# Cuntais Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Soláthar an mheastacháin | 2011 Táirgeacht | 2010 Táirgeacht |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pánna agus liúntais | 30,462 | 30,696 | 9,347 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 1,539 | 1,164 | 208 |
| A.3. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 926 | 417 | 180 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 660 | 578 | 257 |
| A.5. | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,385 | 1,272 | 281 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 875 | 676 | 351 |
| A.7. | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 211 | 36 | 64 |
| | *Fógraíocht agus poiblíocht* | — | — | *9* |
| | *Athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí* | — | — | *4* |
| **Na hEalaíona agus Cultúr** | | | | |
| B.1. | Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil | 56 | 29 | 28 |
| B.2. | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta | 1,458 | 1,522 | 1,775 |
| B.3. | Costais Ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford (deontas-i-gcabhair) | 12,896 | 12,896 | 14,069 |
| B.4. | Iarsmalanna, dánlanna, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | 4,297 | 4,296 | 4,418 |
| B.5. | Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha | 8,265 | 8,460 | 15,463 |
| B.6. | Cultúr Éireann | 6,997 | 6,994 | 5,070 |
| B.7. | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) (deontas i gcabhair) | 65,167 | 65,163 | 68,649 |
| B.8. | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann (deontas i gcabhair) | 14,240 | 14,240 | 15,125 |
| B.9. | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (deontas i gcabhair) | 8,084 | 8,084 | 9,251 |

| Seirbhís | | 2011 Soláthar an mheastacháin | 2011 Táirgeacht | 2010 Táirgeacht |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Na hEalaíona agus Cultúr** | | | | |
| B.10. | Bord Scannán na hÉireann (deontas i gcabhair) | 18,431 | 18,431 | 19,272 |
| **Oidhreacht** | | | | |
| C.1. | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 5,992 | 5,992 | — |
| C.2. | Oidhreacht thógtha | 3,666 | 3,509 | — |
| C.3. | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 14,034 | 13,617 | — |
| C.4. | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | 375 | 375 | — |
| **An Ghaeilge agus an Ghaeltacht** | | | | |
| D.1. | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 9,076 | 9,454 | — |
| D.2. | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 5,379 | 5,456 | — |
| D.3. | An Coimisinéir Teanga | 471 | 431 | — |
| D.4. | Údarás na Gaeltachta - toghchán | 1 | — | — |
| D.5. | Údarás na Gaeltachta - riarachán | 6,848 | 6,848 | — |
| D.6. | Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha | 2,475 | 2,475 | — |
| D.7. | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | 5,500 | 5,500 | — |
| D.8. | Na hOileáin | 6,713 | 6,808 | — |
| **Comhoibriú Thuaidh/Theas** | | | | |
| E.1. | An Foras Teanga | 12,434 | 11,707 | — |
| E.2. | Uiscebhealaí Éireann | 20,176 | 20,176 | — |
| *Seirbhísí Turasóireachta* | | — | — | *140,837* |

| Seirbhís | 2011 Soláthar an mheastacháin | 2011 Táirgeacht | 2010 Táirgeacht |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| *Seirbhísí Spóirt agus Caitheamh Aimsire* | — | — | *113,041* |
| *Rásaíocht Capall agus Con* | — | — | *32,788* |
| **Ollchaiteachas** | **269,089** | **267,302** | **450,487** |
| **Lúide** F. **Leithreasaí-i-gcabhair** | **4,990** | **5,614** | **4,628** |
| **Glanchaiteachas** | **264,099** | **261,688** | **445,859** |
| **Barrachas don bhliain** | | **€2,410,967** | **€19,050,334** |
| **Tabhairt suas a iarchur** | | — | **€5,000,000** |
| **Barrachas le tabhairt suas** | | **€2,410,967** | **€14,050,334** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 34,839 | 10,701 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 232,463 | 439,786 |
| **Ollchaiteachas** | | | 267,302 | 450,487 |
| Lúide | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | (5,614) | (4,628) |
| **Glanchaiteachas** | | | 261,688 | 445,859 |
| | | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Airgead Ceannachán | | (768) | | |
| Dímheas | | 1,376 | | |
| Caillteanas ar chur de láimh | | 6 | 614 | 89 |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | | (115) | — |
| | | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (433) | | |
| Méadú ar stoc | | (222) | | |
| **Caiteachas díreach** | | | (655) | 11 |
| | | | 261,532 | 445,959 |
| | | | | |
| Caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 8,884 | 10,678 |
| Measchíosanna | | | 4,182 | 5,663 |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | | **274,598** | **462,300** |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le caiteachas ar ghlanseirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 35 agus a íocadh in áit eile.

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 4,135 | 5,514 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,148 | 4,476 |
| 19 | Cóir agus Comhionannas - Ionad na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais | 62 | 386 |
| 20 | An Garda Síochána | 377 | 202 |
| | Lárchiste - pinsin Aireachta etc. | 162 | 100 |
| | | **8,884** | **10,678** |

## 2 Clár Comhordaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 40,324 | 2,699 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.2 | 8,598 | — |
| | | **48,922** | **2,699** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 10,774 | 10,135 |
| Stoic | 2.4 | 262 | 40 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,108 | 41 |
| Ioncam fabhraithe | | 219 | 261 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,124 | 261 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **13,487** | **10,738** |
| **Lúide fiachais reatha** | | | |
| Costais fabhraithe | | 823 | 231 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 1,486 | 938 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 10,412 | 9,458 |
| **Iomlán na bhfiachas reatha** | | **12,721** | **10,627** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **766** | **111** |
| **Glansócmhainní** | | **49,688** | **2,810** |
| **Ionannaithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an stáit** | | **49,688** | **2,810** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Fearais agus Innealra | Oifig Trealamh | Troscán agus feistis | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costas nó Luacháil ar an 1 Eanáir 2011 | — | — | 3,025 | 3,668 | 6,693 |
| Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | 33,272 | 8,963 | 788 | 2,554 | 45,577 |
| Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta | — | — | 2,466 | 233 | 2,699 |
| Coigeartú de bharr athrangaithe | 1,774 | — | — | (1,774) | — |
| Breiseanna | 403 | 47 | 232 | 86 | 768 |
| Sócmhainní a aistríodh don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | — | — | (49) | (10) | (59) |
| Diúscairtí | — | — | (55) | (39) | (94) |
| **Ollsócmhainní ar an 31 Nollaig 2011** | **35,449** | **9,010** | **6,407** | **4,718** | **55,584** |
| **Dímheas carntha:** | | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ar an 1 Eanáir 2011 | — | — | 2,399 | 1,595 | 3,994 |
| Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil | 8 | 6,672 | 602 | 453 | 7,735 |
| Sócmhainní a aistríodh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta | — | — | 2,104 | 167 | 2,271 |
| Coigeartú do shócmhainní a aistríodh | 98 | — | — | (98) | — |
| Dímheas don bhliain | 38 | 695 | 432 | 211 | 1,376 |
| Sócmhainní a aistríodh don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | — | — | (20) | (8) | (28) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (54) | (34) | (88) |
| **Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2011** | 144 | 7,367 | 5,463 | 2,286 | 15,260 |
| **Glansócmhainní caipitil ar an 31 Nollaig 2011** | **35,305** | **1,643** | **944** | **2,432** | **40,324** |
| **Glansócmhainní caipitil ar an 31 Nollaig 2010** | **—** | **—** | **626** | **2,073** | **2,699** |

Glacadh le sócmhainní TEC suas go holl-luach de €131,000, a aithníodh le diúscairt ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta lena ndiúscairt ar son na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Níor cuireadh na sócmhainní seo le haghaidh diúscartha san áireamh i gclár na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ós rud é nach raibh sé riamh i gceist iad a úsáid ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

### 2.2 Ráiteas na Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

ar an 31 Nollaig

| | Aerstráicí atá á bhforbairt |
|---|---|
| | €000 |
| Méideanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2011 | — |
| Aistrithe ón RGPCG ar an 1 Bealtaine 2011 | 8,483 |
| Íocaíochtaí airgid sa bhliain | 115 |
| Aistrithe chuig an gClár Sócmhainní | — |
| | 8,598 |

### 2.3 Banc agus airgead tirim

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airgead agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 11,423 | 12,327 |
| Orduithe gan réiteach | (649) | (2,192) |
| | 10,774 | 10,135 |

### 2.4 Stoic

ar an 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhar tógála agus gléasraí beaga | 73 | — |
| Breoslaí agus leasacháin | 28 | — |
| Stáiseanóireacht | 23 | 23 |
| Trealamh intomhalta | 12 | — |
| Soláthair na bhfeighlithe agus garchabhair | 29 | — |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 39 | 17 |
| Ilghnéitheach | 58 | — |
| | 262 | 40 |

### 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ar an 31 Nollaig

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 130 | 20 |
| Eile | 994 | 241 |
| | 1,124 | 261 |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ar an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 531 | 142 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 236 | 75 |
| Cáin Iarchoimeádta Seirbhísí Gairmiúla | 13 | 10 |
| Cáin Bhreisluacha | 12 | 61 |
| Asbhaintí pinsin | 76 | 32 |
| | 868 | 320 |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 459 | 525 |
| Eile | 159 | 93 |
| | 1,486 | 938 |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ar an 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | 2,411 | 19,050 |
| Exchequer grant overdrawn | 8,001 | (9,592) |
| Glandliteanas don Státchiste | 10,412 | 9,458 |
| **Ionannaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 10,774 | 10,135 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,124 | 261 |
| | 11,898 | 10,396 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (868) | (320) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (618) | (618) |
| | (1,486) | (938) |
| | 10,412 | 9,458 |

## 2.8 Gealltanais

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **(a) Gealltanais domhanda** | | |
| Iomlán na ngealltanas atá infhorghníomhaithe le dlí | 21,242 | 4,900 |

| | Caiteachas 2003-2010<br>€000 | Caiteachas 2011<br>€000 | Na blianta ina dhiaidh sin<br>€000 | Costas iomlán<br>€000 |
|---|---|---|---|---|
| **(b) Gealltanais chaipitil ilbhliantúla** | | | | |
| ACCESS (deontais forbartha cultúir) | 66,128 | 5,267 | 21,353 | 92,748 |
| Tionscadail chaipitil ealaíon eile | 95,146 | 2,717 | 2,416 | 100,279 |
| Cé Chill Rónáin | 40,410 | 2,817 | 866 | 44,093 |
| Cé an Chalaidh Mhóir | 13,922 | 82 | — | 14,004 |
| | 215,606 | 10,883 | 24,635 | 251,124 |

## 2.9 Dliteanais aibithe

Ba é luach na ndliteanas aibithe gan íoc ag deireadh na bliana ná €20,455.

# 3 Éagsúlachtaí ar Chaiteachas

## 3.1Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fo-mhírcheann caiteachais sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5% (25% i gcás fo-mhírchinn riaracháin) idir an táirgeacht agus an méid a cuireadh ar fáil:

| Fomhír cheann | Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.3. | 509 | Sa tréimhse idir bhunú na Roinne agus deireadh bliana, rinneadh atheagrú suntasach ar na struchtúir thacaíochta chorparáideacha agus thóg sé am roinnt próiseas/tacaíochtaí a bhunú. Sa chomhthéacs sin, laghdaíodh an t-éileamh ar fho-mhírcheann A3 le hais blianta eile. |
| A.7. | 175 | D'eascair an coigilteas ós rud é gur cuireadh bearta i gcrích le cinntiú nach dtabharfaí ach faoi chomhairleachtaí bunriachtanacha i 2011. |
| E.1. | 727 | D'eascair an coigilteas ós rud é nár cuireadh tús le tionscadal molta taighde faoin nGaeilge faoi mar a bhí beartaithe agus ós rud é go raibh moill ann maidir le hearcú foirne i 2011. |

## 3.2 Comparáid chaiteachais d'aistriú na bhfeidhmeanna

Léiríonn an tábla thíos caiteachas iomlán na bliana d'fho-mhírchinn iomlána na Gaeilge agus na Gaeltachta agus Comhoibriú Thuaidh Theas a bhí ina chuid de Vóta 27 agus 25 faoi seach go dtí an 30 Aibreán 2011.

| **Cur Síos ar an bhFo-mhírcheann** | | | | **2011** | **2010** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Vóta 27** | **Vóta 35** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **An Ghaeilge agus an Ghaeltacht** | | | | | |
| D.1. | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 1,424 | 9,454 | 10,878 | 18,231 |
| D.2. | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 1,221 | 5,456 | 6,677 | 8,001 |
| D.3. | An Coimisinéir Teanga | 199 | 431 | 630 | 743 |
| D.4. | Údarás na Gaeltachta - Toghchán | — | — | — | — |
| D.5. | Údarás na Gaeltachta - Riarachán | 3,452 | 6,848 | 10,300 | 11,000 |
| D.6. | Údarás na Gaeltachta - Caiteachas an chláir reatha | 825 | 2,475 | 3,300 | 3,915 |
| D.7. | Údarás na Gaeltachta – Deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | 500 | 5,500 | 6,000 | 18,000 |
| D.8. | Na hOileáin | 2,687 | 6,808 | 9,495 | 17,021 |
| **Comhoibriú Thuaidh/Theas** | | | | | |
| E.1. | An Foras Teanga | 4,166 | 11,707 | 15,873 | 16,199 |
| E.2. | Uiscebhealaí Éireann | 10,124 | 20,176 | 30,300 | 32,919 |
| **Oidhreacht (Vóta 25)** | | | | | |
| C.1. | Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | — | — | 5,992 | 8,482 |
| C.2. | Oidhreacht thógtha | — | — | 3,509 | 15,502 |
| C.3. | Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | — | — | 13,617 | 26,908 |
| C.4. | Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | — | — | 375 | 436 |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. An Chartlann Náisiúnta | 56 | 30 | 29 |
| 2. Fáltais ilghnéitheacha | 411 | 715 | 206 |
| 3. Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó léasú na gceart iascaigh srl.) | 120 | 156 | 395 |
| 4. Díol maoine | 25 | 10 | — |
| 5. Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra | 375 | 790 | — |
| 6. Táillí/muirir a bhaineann le haerstráicí | 57 | 1 | — |
| 7. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa | 3,946 | 3,912 | 3,465 |
| *Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann Teoranta* | — | — | *440* |
| *Fáltais phinsin Chomhairle Spórt na hÉireann* | — | — | *57* |
| *Fáltais phinsin Bhord Scannán na hÉireann* | — | — | *36* |
| **Iomlán** | **4,990** | **5,614** | **4,628** |

## Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach ceannteideal sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%, idir an táirgeacht agus an méid a measadh.

| Ceannteideal | Níos lú/(mó) ná mar a bhí measta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 2 | (304) | D'eascair an farasbarr mar gheall ar fháltais phinsin a bheith faighte ó ghníomhaireachtaí a bhí níb'airde ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| 5 | (415) | D'eascair an farasbarr mar gheall ar leibhéal fáltas sna Páirceanna Náisiúnta a bhí níb'airde ná mar a bhíothas ag dréim leis, go príomha de thairbhe mhéadú líon na gcuairteoirí agus de thairbhe na bhfáltas gaolmhar ó Pháirc Náisiúnta Chill Airne agus ó Theach Mhucros. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Meánlíon foirne** (ionann agus lánaimseartha) | 609 | 153 |
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 27,941 | 8,694 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 164 | 46 |
| Liúntais eile | 299 | 60 |
| Ragobair | 435 | 131 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,857 | 416 |
| **Pá iomlán** | **30,696** | **9,347** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon fáltas | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó | 31 | 5 | 15,093 | 13,644 |
| Liúntais eile | 277 | — | 6,209 | 15,121 |
| Ragobair | 229 | 7 | 18,180 | 12,812 |

**Nóta:** Fuair daoine áirithe luach saothair breise in níos mó ná catagóir amháin.

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Faoi fho-mhírchinn B.7, C.1 agus D.2, rinne an Crannchur Náisiúnta páirtmhaoiniú ar chaiteachas iomlán de €76.611 milliún. Tá liosta iomlán na ndeontaithe faoi fhomhírcheann D.2 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne (www.ahg.gov.ie).

### 6.2 Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas

Léiríodh an tabhairt anonn chaipitil de €5 mhilliún don iar-Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt (Vóta 35) sna Meastacháin Athbhreithnithe do na Seirbhísí Poiblí 2011 don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 32).

# 7 Cuntais Ilghnéitheacha

## 7.1 Íocaíochtai i leith Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, An Ceoláras Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann B.3).

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 6,093 | 6,671 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,579 | 2,714 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2,874 | 3,105 |
| Áiléar Crawford, Corcaigh | 1,350 | 1,579 |
| | 12,896 | 14,069 |

## 7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

| **Cuntas na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011** | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 525 | 622 |
| Íocaíochtaí | (66) | (97) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 459 | 525 |

## 7.3 Ráiteas Iasachtaí do Thithe Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh i leith Tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir | | 228 | 276 |
| Ús fabhraithe pionósach bliantúil | | 5 | 4 |
| Díscríobh iasachtaí | | — | (12) |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Príomhshuim | (10) | | |
| Ús | (5) | (15) | (40) |
| Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig | | 218 | 228 |